

SFCT Elec. 1

Dearbhú Úsáide Breosla Sholadaigh chun Leictreachas a Ghiniúint



Tá an fhoirm seo le comhlánú ag daoine atá i dteideal breosla sholadaigh faoi faoiseamh cánach a fháil le húsáid chun Leictreachas a Ghiniúint amháin (**seachas comhghiniúint TCÉ**) (**féach Nótaí 1, 2 agus 4**).

(A) Ainm an duine nó an ghnó (BLOCLITREACHA)

Ainm

Seoladh (Eircode san áireamh)

Uimhir Tagartha Cánach

Sonraí an tSoláthraí Breosla (BLOCLITREACHA)

Ainm

Seoladh (Eircode san áireamh)

Uimhir Tagartha Cánach

(B) Catagóir / Cainníochtaí Breosla atá ag teastáil le húsáid chun leictreachas a ghiniúint (féach nóta 3 i leith soláthairtí iomadúla)

Táirge	Gual	Brícíní móna	Móin mheilte	Móin eile
Cainníocht (tona)				
Dáta an tSoláthair				

(C) Ainm / Seoladh* an Fhearais Giniúna Leictreachais

* Sa chás go bhfuil níos mó ná áitreabh amháin i gceist, tá liosta seoltaí le ceangal leis an dearbhú seo agus ba chóir "liosta ceangailte" a scríobh thall ó "Seoladh an Áitribh".

Dearbhú:

Dearbhaím go bhfuil na cainníochta í breosla sholadaigh a shonraítear ag (B) thuas le haghaidh úsáid chun leictreachas a ghiniúint amháin (seachas comhghiniúint TCÉ) ag an bhfearas a shonraítear ag (C) agus dá réir sin cáilíonn siad le haghaidh faoisimh ó Cháin Charbóin ar Bhreosla Soladach, faoi Alt 82(1)(a) den Acht Airgeadais 2010. Dearbhaím freisin, de réir Alt 79(3) den Acht sin, mura n-úsáidfean an breosla soladach lena mbaineann chun na críche seo, íocfaidh mé leis na Coimisinéirí Ioncaim suim iomlán na Cánach Carbóin ar Bhreosla Soladach atá dlite ar an táirge a sholáthraítear.

Síniú: _____ **Sínitheoir údaráithe (féach Nóta 5)**

Ainm (Bloclitreacha): _____

Cáil: _____ **(féach Nóta 5)**

Dáta: ____ / ____ / ____

Tá an **foirm bhunaidh** le seoladh chuig do sholáthraí breosla sholadach, agus ba chóir duit cóip a choinneáil lena chur i láthair do na Coimisinéirí Ioncaim agus don soláthraí de réir mar is gá (**féach Nóta 2**).

Nótaí treorach ar an bhfoirm seo a chomhlánú

1. Tá an dearbhú seo le comhlánú ag daoine atá i dteideal breosla sholadaigh faoi faoiseamh cánach a fháil le húsáid chun leictreachas a ghiniúint amháin (seachas comhghiniúint TCÉ). Féadfaidh an soláthraí faoiseamh ag an bhfoinse a chur i bhfeidhm má chomhlíontar coinníollacha áirithe.
2. Tá leagan **bunaidh** den fhoirm dhearbhaithe chomhlánaithe seo le tabhairt don soláthraí breosla sholadaigh, sula ndéanfaidh an soláthraí sin aon soláthar faoi fhaoiseamh cánach de bhreosla soladach le hoibrí an fhearais giniúna leictreachas ag an soláthraí sin. Seachas mar a fhoráiltear faoi nóta 3 thíos, ní mór an dearbhú seo a chomhlánú le haghaidh gach soláthar a fhaightear atá faoi faoiseamh cánach chun leictreachas a ghiniúint amháin. Ní mór go sonraíonn an fhoirm dearbhuithe go bhfuil an breosla soladach a soláthraítear le húsáid i nginiúint leictreachais amháin. Ní mór an soláthraí agus an duine nó an gnó atá ag oibriú an fhearais an dearbhú agus doiciméid tacaíochta a choinneáil le haghaidh cigireachta ag na Coimisinéirí Ioncaim.

Sa chás nár soláthraíodh an fhoirm dhearbhaithe roimh gach soláthar, ní mór don soláthraí Cáin Charbóin ar Bhreosla Soladach a chur i bhfeidhm. Sa chás go gcáilíonn soláthar ar íocadh cáin air le haghaidh faoisimh féadfar an cháin a aisíoc leis an duine nó leis an ngnó a oibríonn an fearas trí aisíocaíocht ó na Coimisinéirí Ioncaim.
3. I gcásanna ina ndéanann duine nó gnóthaí a oibríonn áis giniúna leictreachais le haghaidh breosla soladach orduithe iomadúla taobh istigh d'uastréimhse míosa féilire, féadfaidh sé go nglacfar le foirm dhearbhaithe chumaiscthe amháin chun soláthairtí iomadúla a chlúdach taobh istigh de mhí féilire, ar an gcoinníoll go bhféadann na daoine lena mbaineann taifid tacaíochta sásúla a chur ar fáil chun na soláthairtí sin a réiteach leis an dearbhú míosúil. Sa chás go bhfuil dearbhú cumaiscthe á dhéanamh, ba chóir an mhí atá i gceist a chur isteach mar "Dáta an tSoláthair" i gCuid B den fhoirm dhearbhaithe.
4. Ní cháilíonn breosla a úsáidtear i ngléasraí Teasa agus Cumhachta in Éineacht (TCÉ) don fhaoiseamh seo agus ní fhéadfar an fhoirm seo a úsáid chun breosla atá faoi fhaoiseamh cánach a éileamh lena úsáid i ngléasra TCÉ. Tá faoiseamh ar leith i bhfeidhm maidir le TCÉ, agus féadfaidh oibrí gléasra Teasa agus Cumhachta in Éineacht ardéifeachtúil é a éileamh. Tá tuilleadh eolais ar fáil sa rannán ag <https://www.revenue.ie/ga/companies-and-charities/excise-and-licences/energy-taxes/he-chp/index.aspx>.
5. Ní mór don dearbhú úsáide breosla sholadaigh chun Leictreachas a Ghiniúint a bheith sínithe ag an monaróir incháilithe nó ag duine údaraithe. Ní mór don duine sin an post atá acu sa ghnó a shonrú, mar shampla rúnaí na cuideachta, stiúrthóir na cuideachta, páirtneír, srl. de réir mar is cuí.
6. De réir na Rialachán Cánach Carbóin ar Bhreosla Soladach, 2013, ní mór d'oibrí fearais giniúna leictreachais taifid leordhóthanacha a choinneáil maidir le fáil agus úsáid breosla sholadaigh faoi faoiseamh cánach, mar aon le cóip den dearbhú seo.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar www.revenue.ie ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.